



An Roinn  
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of  
Culture, Heritage and the Gaeltacht



STRAITÉIS 20 BLAIN DON  
GHAELIGE 2010-2030  
Ár dTeanga, Ár bPobal

## Eagarthóir Taighde

Post ar conradh – 12 mhí ó thús mhí Dheireadh Fómhair 2018

Tá eagarthóir taighde ar conradh á earcú ag Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmaolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a leanas a bheith i gceist ó am go ham: [logainm.ie](http://logainm.ie), [téarma.ie](http://téarma.ie), [ainm.ie](http://ainm.ie), [iate.europa.eu](http://iate.europa.eu) (na téarmaí Gaeilge), [dúchas.ie](http://dúchas.ie) agus [gaois.ie](http://gaois.ie). Beidh an t-eagarthóir taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmaolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

Baineann na tionscadail uile leis na daonnachtaí digiteacha. Beidh dualgais ar an Eagarthóir Taighde i dtaca le tionscadail éagsúla agus beidh freagrachtaí comhordaithe tionscadal i gceist freisin. Beidh an té a cheapfar freagrach as réimsí den obair a fhorbairt agus a stiúradh i gcomhar le baill foirne eile mar aon le caighdeán na n-aschur a dheimhniú. Éilíonn an obair seo saintaithí taighde, eagrúchán pearsanta, breithiúnas grinn agus scileanna maithe idirphearsanta. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge.

### Riachtanais:

Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (grád 2.1) agus iarchéim i réimse ábhartha. Taithí ghairmiúil ar thaighde acadúil a chur i gcrích (e.g. tráchtas M.Litt nó PhD) nó taithí ghairmiúil ar obair taighde ardleibhéil.

Is gá d'iarrthóirí bheith líofa sa Ghaeilge agus caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa, ar an leibhéal is gá chun téacs infhoilsithe a sholáthar.

### Inmhianaithe:

Oiliúint nó taithí a bheith ag iarrthóirí in aon réimse díobh seo a leanas: an dlí, an téarmaolaíocht, an t-aistriúchán, an ríomhtheangeolaíocht nó an teangeolaíocht chorpais.

### Tuarastal ar an scála\*:

€36,854-€37,383-€39,138

\* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé:

An Dr Gearóid Ó Cleircín (01-700 5789); [gearoid.ocleircin@dcu.ie](mailto:gearoid.ocleircin@dcu.ie)

### Spríodhata iarratais: Dé hAoine, an 17 Lúnasa, faoi 17.00

Táthar ag súil go réachtálfar agallaimh in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí Lúnasa/tús mhí Mheán Fómhair.

[Luaigh go soiléir san iarratas agus i líne ábhair an r-phoist teideal an phoist a bhfuil tú ag cur isteach air: #956 Eagarthóir Taighde](#)

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: [www.dcu.ie/vacancies/current.shtml](http://www.dcu.ie/vacancies/current.shtml) nó ó:

Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500

R-phost: [hr.applications@dcu.ie](mailto:hr.applications@dcu.ie)

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá cuid de na tionscadail thuas á bpáirtmhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.